15 BLIANA Our world
IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Tábhacht na Scoile

"I roinnt áiteanna ar fud an domhain, téann scoláirí ar scoil gach lá. Sin é an gnáthshaol atá acu. Ach in áiteanna eile ar domhan, ceiltear oideachas orainn... is bronntanas luachmhar é. Tá sé mar a bheadh diamant ann... "

Rugadh Malala Yousafzai in Mingora, i nGleann Swat sa Phacastáin, in 1997. Bhí an iomaí dúshlán le sárú aici agus í ag iarraidh oideachas a fháil nuair a bhí sí óg. Anois tá carthanas á rith ag Malala, carthanas a bhíonn ag obair ar son oideachas ardchaighdeáin do chailíní.

Foinse : http://cdn.globalgoals.org/2015/09/Malala_Goal4-1.jpg

Is cinniúnach an tréimhse ina bhfuilimid ag maireachtáil faoi láthair. Mar gheall ar COVID-19 (an víreas corónach), tá do scoil féin dúnta le roinnt seachtainí anuas. Bhí an deis agat smaoineamh ar an saol a chaitheann tú agus gan tú a bheith ar scoil cúig lá sa tseachtain mar is iondúil leat. Is dócha go bhfuil go leor rudaí a mothaíonn tú uait agus a bhfuil súil agat leo nuair a bheidh na scoileanna ar oscailt arís.

Luaigh trí rud a mhothaíonn tú uait faoin scoil agus dhá rud is maith leat faoi bheith ag obair ón mbaile, ceann do gach triantán ag barr an diamaint. Ansin luaigh trí chúis go bhfuil an scoil nó an scolaíocht tábhachtach, dar leat, sna triantáin ag bun an diamaint. Is féidir leat focail agus pictiúir a úsáid.

Nuair a bheidh tú críochnaithe, seans gur mhaith leat do bhileog oibre a sheoladh chuig do mhúinteoir – ba bhreá leis nó léi cloisteáil uait mar tá a fhios againn go mothaíonn an múinteoir tusa uaidh nó uaithi freisin!